| | | |
|---|---|---|
| **1.** | Cad atá agat? | What do you have? |
| | Tá mála agam. | I have a bag. |
| | Níl mála agam. | I don’t have a bag. |
| | An bhfuil mála agat? | Do you have a bag? |
| | Nach bhfuil mála agat? | Don’t you have a bag? |
| | Tá. | Yes (after question with *an bhfuil*). |
| | Níl. | No (after question with *an bhfuil*). |
| **2.** | Cad atá ag Seán? | What does John have? |
| | Tá mála aige. | He has a bag. |
| | An bhfuil peann ag Máire? | Does Mary have a pen? |
| | Níl. Níl peann aici. | No. She doesn’t have a pen. |
| | An bhfuil pinn agaibh? | Do y’all have pens? |
| | Tá. Tá pinn againn. | Yes. We have pens. |
| **3.** | An bhfuil peann ag aon duine? | Does anyone have a pen? |
| | Tá. Tá ceann agamsa. | Yes. I have one. |
| | Cé aige a bhfuil peann? | Who has a pen? |
| | Tá ceann ag Seán. | John has one. |
| **4.** | Cad a bhí agat? | What did you have? |
| | Bhí mála agam. | I had a bag. |
| | Ní raibh mála agam. | I didn’t have a bag. |
| | An raibh mála agat? | Did you have a bag? |
| | Nach raibh mála agat? | Didn’t you have a bag? |
| | Bhí. | Yes (after question with *an raibh*). |
| | Ní raibh. | No (after question with *an raibh*). |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Tá … agam | I have … | Tá … againn | We have … |
| Tá … agat | You have … | Tá … agaibh | Ye have … |
| Tá … aige | He has … | Tá … acu | They have … |
| Tá … aici | She has … | Tá … ag Seán | Sean has … |

**Comhrá 1 Conversation 1**

| | |
|---|---|
| A: An bhfuil peann agat? | Do you have a pen? |
| B: Níl. Ach, tá peann luaidhe agam. | No, but I have a pencil. |

| **Comhrá 2** | **Conversation 2** |
|---|---|
| A: An bhfuil tae agat? | Do you have any tea? |
| B: Níl. Bhí tae agam ar maidin, | No. I had tea in the morning, |
| ach níl tae agam anois. | but I don't have any tea now. |
| A: Nach raibh caife agat? | Didn't you have coffee? |
| B: Bhí, agus tá sé agam go fóill. | Yes, and I still have it. |
| A: Ba mhaith liom cupán caife, le do thoil. | I'd like a cup of coffee, please. |

| **Comhrá 3** | **Conversation 3** |
|---|---|
| A: An bhfuil peann ag aon duine? | Does anyone have a pen? |
| B: Níl. Ach, tá peann luaidhe ag Máire. | No, but Mary has a pencil. |
| A: An bhfuil clúdach litreach aici freisin? | Does she have an envelope too? |
| B: Tá. Tá ceann aici. | Yes, she has one. |

| **Comhrá 4** | **Conversation 4** |
|---|---|
| S: Dia duit, a Mháire. | Hi, Mary. |
| M: Dia 's Muire duit, a Sheáin. | Hi Sean. |
| S: Conas tá tú? | How are you? |
| M: Tá mé go maith, ach tá tart orm. | I'm fine, but I'm thirsty. |
| S: An raibh tú amuigh? | Were you outside? |
| M: Bhí, agus ní raibh uisce agam. | Yes, and I didn't have water. |
| S: Ar mhaith leat cupán líomanáide? | Would you like a cup of lemonade? |
| M: Ba mhaith, le do thoil. | I would, please. |
| S: … Seo duit. | … Here you are. |
| M: Go raibh maith agat. | Thank you. |
| S: Tá fáilte romhat. | You're welcome. |
| M: ... An bhfuil naipcín agat? | ... Do you have a napkin? |
| S: Tá. Seo duit. | Yes. Here you are. |
| M: Go raibh míle maith agat. | Thanks a lot. |
| S: … Slán leat, a Mháire. | Bye, Mary. |
| M: Slán agat. | Goodbye. |

| | |
|---|---|
| foireann | team |
| a fhoireann a haon | team number one |
| a haon | number one |
| a dó | number two |
| a trí | number three |
| a ceathair | number four |
| a cúig | number five |
| a sé | number six |

| | |
|---|---|
| le do thoil | please (one person) |
| le bhur dtoil | please (several people) |
| Seo duit. | Here you are (one person). |
| Seo daoibh. | Here you are (several people). |
| Go raibh maith agat. | Thank you (one person). |
| Go raibh maith agaibh. | Thank you (several people). |
| Go raibh míle maith agat. | Thanks a lot [a thousand thanks]. |
| Go raibh míle maith agaibh. | Thanks a lot [a thousand thanks]. |
| Tá fáilte romhat/Fáilte. | You're welcome (one person). |
| Tá fáilte romhaibh/Fáilte. | You're welcome (several people). |
| Tá brón orm. | I'm sorry. |
| Tá brón orainn. | We're sorry. |
| freisin | too |
| ach | but |
| aon duine | anyone |

| | |
|---|---|
| Tá ceann (amháin) againn. | We have one. |
| Tá dhá cheann againn. | We have two. |
| Tá trí cinn againn. | We have three. |
| Tá siad go léir againn. | We have them all. |
| Níl ceann ar bith againn. | We don't have one at all. |
| Níl ach ceann amháin againn. | We only have one. |